

Faisnéis a nochtadh do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)

An tAcht um Nochtadh faoi Chosaint, 2014

Beartas agus Nósanna Imeachta

An tAcht um Nochtadh faoi Chosaint, 2014

Cuireann an tAcht um Nochtadh faoi Chosaint, 2014, creat reachtach ar fáil trína gcosnaítear sceithirí i ngach earnáil den gheilleagar.

Cuspóir an Achta

Ceapadh an reachtaíocht le creat reachtach a sholáthar trínar féidir le hoibrithe údair imní mar gheall ar olc atá tugtha faoi deara acu san ionad oibre a tharraingt anuas agus fios acu gur féidir leo leas a bhaint as cosaint shuntasach fostaíochta agus cosaint eile má ghearrann an fostóir pionós orthu nó má bhíonn siad faoi mhíbhuntáiste as sin a dhéanamh.

Ról Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)

Is *duine forordaithe* é Príomhfheidhmeannach an QQI faoin reachtaíocht (Ionstraim Reachtuil 339 de 2014). Ciallaíonn sin gur féidir faisnéis maidir le hábhar ar bith a bhaineann le dearbhú cáilíochta, bailíochtú clár oideachais agus oiliúna, bronnadh dámhachtainí, tarmligean údaráis chun dámhachtainí a bhronnadh, bunú Cód Cleachtais chun cláir oideachais agus oiliúna a sholáthar d'fhoghlaimoirí idirnáisiúnta agus an t-údarú chun an Marc Idirnáisiúnta Oideachais a úsáid, mar a fhoráiltear san Acht um Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 2012 (Uimh. 28 de 2012) maidir le heintitis a thagann faoi shainordú an QQI, a nochtadh don QQI.

Ní cheanglaíonn an tAcht ar an QQI gach nochtadh a fhaigheann sé a imscrúdú, agus breithneofar faisnéis a nochtfar faoin Acht faoi mar a dhéanfaí i gcás aon fhaisnéise eile a nochtfaí don QQI. Go ginearálta, beidh sceithirí a nochtann faisnéis go seachtrach don Oifig, in ionad dá bhfostóir, i dteideal sásaimh faoin Acht má dhéantar idirdhealú éagórach orthu nó má bhrítear as a bpost iad ar choinníoll gur nochtadh an fhaisnéis le hintinn mhaith, go gcreideann siad go bhfuil na líomhaintí fíor, a bheag nó a mhór, agus nach ngnóthaíonn siad aon rud pearsanta dá mbarr.

Ní bheidh aon ról ag an QQI sa mheasúnú a dhéanfar ar cad is nochtadh faoi chosaint ann, mar atá sainmhínithe sa reachtaíocht. Is ceist dlí é sin, a chinneadh na cúirteanna i gcás díospóide.

Réamhbhreithniú ar an bhfaisnéis nochtadh

1. Déantar gach nochtadh, is cuma conas a dhéantar é, a bhreithniú ina iomláine agus déantar gach iarracht na ceisteanna a tharraingítear anuas ann a réiteach go cuí.
2. Agus bealach oibre cuí tar éis nochtadh á roghnú, cuirfear na rudaí seo a leanas san áireamh:
 - a. cibé an mbaineann an fhaisnéis nochtadh le sainordú dlíthiúil an QQI
 - b. an méid den eolas sa nochtadh a bhféadfaí féachaint air mar eolas iontaofa agus cibé an bhféadfaí é a chomhdhearbhú ó fhoinsí eile
 - c. cibé an leor an t-eolas a nochtadh mar chruthúnas go bhfuil éagóir déanta.

Faisnéis a nochtadh

Chun faisnéis a nochtadh don QQI

Scríobh chuig an bPríomhfheidhmeannach, QQI, 26/27 Lána Denzille, Baile Átha Cliath 2, D02 P266 agus bíodh **Príobháideach agus Faoi Rún** scríofa ar an gclúdach.

nó cuir ríomhphost chuig disclosures@qqi.ie

Ba chóir na nithe seo a leanas a bheith i nochtadh:

Ainm agus sonraí teagmhála an té atá ag nochtadh na faisnéise

Iarratas ar rúndacht, de rogha

Ainm na heagraíochta i dtrácht

A mhéad sonraí is féidir maidir leis na húdair imní.

Ba chabhair é aon fhianaise atá ar fáil a bheith ag an QQI chun cinneadh measúnaithe a dhéanamh. I gcás gurb eol don QQI ainm agus sonraí teagmhála an nochtóra, admhófar an nochtadh laistigh de 7 lá oibre.